Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

►B

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1925 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Lúnasa 2026

lena dtionscnaítear imscrúdú a bhaineann le teacht timpeall féideartha ar na bearta frithdhumpála arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/357 ar allmhairí fabraicí mogaill oscailte as snáithíní gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne trí allmhairí fabraicí mogaill oscailte as snáithíní gloine arna gcur chun bealaigh ón gCosaiv (*), ón Moldóiv, ón Macadóin Thuaidh agus ón tSeirbia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Cosaive, na Moldóive, na Macadóine Thuaidh nó na Seirbia iad nó ná bíodh, agus lena ndéantar na hallmhairí sin a chur faoi réir a gcláraithe

(IO L 1925, 7.8.2026, lch. 1)

Arna cheartú le:

►C1 Ceartúchán, IO L 90726, 4.9.2026, lch. 1 (2026/1925)

(*) Tá an t-ainmniú sin gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244/1999 agus leis an tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

▼B

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1925 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Lúnasa 2026

lena dtionscnaítear imscrúdú a bhaineann le teacht timpeall féideartha ar na bearta frithdhumpála arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/357 ar allmhairí fabraicí mogaill oscailte as snáithíní gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne trí allmhairí fabraicí mogaill oscailte as snáithíní gloine arna gcur chun bealaigh ón gCosaiv (*), ón Moldóiv, ón Macadóin Thuaidh agus ón tSeirbia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Cosaive, na Moldóive, na Macadóine Thuaidh nó na Seirbia iad nó ná bíodh, agus lena ndéantar na hallmhairí sin a chur faoi réir a gcláraithe

Airteagal 1

▼C1

Tionscnaítear imscrúdú de bhun Airteagal 13(3) de Rialachán (AE) 2016/1036, chun a chinneadh an bhfuil na hallmhairí a thagann isteach san Aontas, ag imchéimniú na mbeart arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/357, is iad sin allmhairí fabraicí mogaill oscailte as snáithíní gloine de mhéid cille is mó ná 1.8 mm ar fad agus ar leithead araon agus ina bhfuil meáchan is mó ná 35 g/m^2, gan dioscaí snáithínghloine a áireamh, a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC ex 7019 63 00, ex 7019 64 00, ex 7019 65 00, ex 7019 66 00 agus ex 7019 69 90 agus a chuirtear chun bealaigh ón gCosaiv, ón Moldóiv, ó Phoblacht na Macadóine Thuaidh agus ón tSeirbia, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na Cosaive, na Moldóive, na Macadóine Thuaidh agus na Seirbia iad nó ná bíodh (TARIC codes 7019 63 00 16, 7019 63 00 17, 7019 63 00 18, 7019 63 00 21, 7019 64 00 16, 7019 64 00 17, 7019 64 00 18, 7019 64 00 21, 7019 65 00 16, 7019 65 00 17, 7019 65 00 22, 7019 65 00 23, 7019 66 00 16, 7019 66 00 17, 7019 66 00 22, 7019 66 00 23, 7019 69 90 16, 7019 69 90 17, 7019 69 90 18, 7019 69 90 21)

▼B

Airteagal 2

1. De bhun Airteagal 13(3) agus Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036, tabharfaidh údaráis chustaim na mBallstát na céimeanna iomchuí chun na hallmhairí a thagann isteach san Aontas a shainaithnítear in Airteagal 1 den Rialachán seo a chlárú.

2. Rachaidh an clárú in éag 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 3

1. Ní mór do na páirtithe leasmhara iad féin a chur in iúl trí theagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún laistigh de 15 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Chun a n-aighneachtaí a chur san áireamh le linn an imscrúdaithe, ní mór do na páirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus freagraí ar an gceistneoir, iarrataí ar dhíolúintí, nó aon fhaisnéis eile a chur isteach laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an Rialachán seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mura sonraítear a mhalairt.

(*) Tá an t-ainmniú sin gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244/1999 agus leis an tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

▼B

3. Féadfaidh na páirtithe leasmhara iarratas a dhéanamh freisin ar éisteacht a fháil os comhair an Choimisiúin laistigh den teorainn ama chéanna de 37 lá. Maidir le héisteachtaí a bhaineann le céim thionscnaimh an imscrúdaithe, ní mór an iarraidh a chur isteach laistigh de 15 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Aon iarraidh ar éisteacht, ní mór í a dhéanamh i scríbhinn agus ní mór cúiseanna na hiarrata a shonrú inti.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.